

AN CHAORA DHUBH

Rí a bhí i nÉirinn fadó. Bhí sé pósta agus bean aige ní raibh ach aon inghean amháin aige nuair a cailleadh a bhean. Nuair a cailleadh a bhean d'fága sí le hudhacht gan an inghean a chur faoi láimh leas-mháthar ach í bheith ar a chomhairle féin aige. Dubhairt an Rí léithe nach bpósfadh sé chor ar bith. Dubhairt a bhean leis go bpósfadh.

"Feicfidh tú go bpósfair agus nuair a bhéas tú pósta ná bíodh tada le déanamh ag an leas-mháthair leis an inghin," adeir sí. Cailleadh an bhean agus chuir sé í. Ní raibh sé ag cainnt ar phósadh agus ar feadh deich mblianta nó ós a chionn thosuigh daoine ag cur comhairle air, a rádh leis pósadh. Dubhairt sé nach bpósdh. Bhí an comhairle ag dul chomh mór air go go ndeachaidh sé agus gur chuir sé béalmhach agus diallaid ar an gcapall agus go ndeachaidh sé ag marcuidheacht uirthé. Nuair a bhí sé ar an mbóthar ag mharcuidheacht annsin, "mo chrádh agus mo mhilleadh chugam," adeir sé, "má théighim thar an gcéad bhean a casfar liom."

Ní mórán achair a bhí siubhalta aige nuair a casadh leis an chailleach mhuisglidheach mháisglidheach, fionnadh a heasgailí ag dhul go go dtí n-a híosgadaí agus fionnadh a hiosgaidí ag sguabadh féir is uisge. An fhiacail ab fhuide siar ina ceann i steafóig ina láimh, agus an dharna fiacail ina biorán buidhe ina brollach. "Is ann duit a Rí i nÉirinn, adeir sí "is ann cheana," adeir Rí i nÉirinn, "an bpósfaidh tú mise a Rí i nÉirinn?" "mo chrádh agam, dá mbéinn gan bean go bráthach dá bpósaínn thusa" ní dhearna sí ach stoirm tinntrighe agus toirrnighe agus báistighe a chur ann agus é a greamú den chapall agus an capall a greamú den bhóthar agus é a fhágháil annsin go dtí maidin lá ar na bhárrach. Tháinig sí chó fada leis maidin lá ar na bhárrach. "Is ann duit, a Rí i nÉirinn," adeir sí. "Is ann ceana," adeir Rí in Éirinn. "An bpósdh tú anois mé a Rí i nÉirinn?" "Mó chrádh agam má phósaím," adeir Rí i nÉirinn. Chuir sí an taram céadna arís ann, an chaoi chéadna a chuir sí an chéad oidhche air, chuir sí an darna oidhche air í. Tháinig sí chuige an dara lá agus bhí sé ingar do bheith réidh le hocras, le fuacht, le fliuchán. "Is ann duit, a Rí i nÉirinn," adeir sí "Is ann cheana," adeir Rí i nÉirinn "an bpósdh tú anois mé?" adeir sí "gabh taobh thiar díom ar chulóg annseo ar an gcapall agus nár mharbhuighidh mé tú" adeir sé. Gabh sí taobh thiar ar a chúl agus chas sé abhaile. Nuair a bhí sé inaice leis an gcúirt bhreathnuigh sé taobh thiar de ag féachaint ar an bhféirín a bhí ag teacht chun na cúirte aige – náire a bhí air. Nuair a bhreathnuigh sé siar ní fhaca sé aon bhean ariamh ba bhreáighichte ná í. D'iompúigh sé uirthé siar annsin, mhúch sí le póga í, bháidh sé le deora í, thriomuigh sé le brata míne síoda agus sról í agus le gruaig a chinn féin mar thíos a fuair sé í ach thuas a d'fág sé í. Thug sé isteach annsin í agus pósadar. Bhí bainnis seacht n-oidhche agus seacht lá ann agus ní raibh fios aca cé b'fhearr an chéad oidhche ná an oidhche dheireannach, chuile rud dhá fheabhas. Nuair a bhí an bhainnis thart dubhairt sí go raibh sí féin pósta cheanna agus go raibh triúr inghean aice agus go gcaithfeadh sí iad a thabhairt isteach sa teach. Dubhairt an Rí léithe iad a thabhairt. Thug, agus nuair a bhí siad sgathamh sa teach is acab féin agus ag an mháthair a bhí an comhairle

uilig agus bhí inghean an Rí gan aon chomhairle aice. Ní raibh aon omós di as ucht bheith ina hinghin ag an Rí, ach chuile bhealach dhá dhonnacht a dhéanamh léithe.

Marbhuigheadh mart sa teach agus nuair a bhí an mart dhá ithe níor tugadh aon bhlas dhe d'inghin an Rí ach na sgámhóga. Ghlaoigh a hathair annsin uirthé chuige oidhche. "Cé'n sort oidhche í, a inghean?" adeir sé "Oidhche chiothach cheathach réaltógach,

gaotha aneas,

braon as agus é a' sioc

gealach ar aghaidh na cúirte agus í a dhul soir," adeir sí. "Is íontach an sgéal é sin," adeir an Rí "Tá sgéalta có hiongantach leis ar an saoghal," adeir sí, "nach bhfuil sé có hiongantach an mart a mharbhuigh tusa a bheith ina sgámhóga uilig?"

Lá ar na bhárach ghlaoigh sé chuige ar an inghin agus thug sé bricfeasta dí i n-éinfeacht leis féin. "Gabhfaidh tusa anois, a inghean, ag breathnú indiaidh na gcaorach. Gabhfaidh tú ag breathnú ortabh chuile lá, tá cuimse acab ann, agus tiocfaidh tú rud le n-ithe leat."

Chuaigh sí annsin indiaidh na gcaorach ach níor thug sí aon rud le n-ithe léithe. Ní mórán achair a bhí sí imeasc na gcaorach nuair a tháinig caora dubh go dtí í a labhair sí léithe. "An bfeiceann tú an cheirt atá an mo chluais?" adeir an chaora dubh leithe "tarraing amach an cheirt agus sgar ar an talamh í agus feicfidh tú bord bidh chó maith is atá sa ríoghacht," adeir sí tharraing sí an cheirtín agus sgar sí amach ar an talamh í agus bhí an bord bídís is fearr a chonaic sí ariamh leagtha roimpí. Ní fhaca sí ní b'fhearr é. D'ith sí agus d'ól sí a dóthain agus nuair a bhí ithe agus ólta aice ní dhearna sí ach breith ar choirnéal na ceirte agus é a dhúbhailt agus a chur isteach i gcluais na caorach aríst, mar dubhairt an chaora dhubh léithe "tiocfaidh tú annseo chuile mhaidin," adeir an chaora leithe agus ná bac le bricfeasta ithe sa gcúirt chor ar bith, béidh chuile shórt dá fheabhas agam duit. Chuaigh sí abhaile san oidhche, ní raibh tart ná ocras uirthé ag dul a chodladh. Maidin lá ar na bhárach níor bhac sí le bricfeasta a ithe agus d'imthigh sí léithe chomh fada leis na caoirigh. Chaith sí seachtain annsin ar an mbealach sin gan aon rud ithe sa gcúirt. Dubhairt an leas-mháthair annsin go raibh sí ag fághail a beatha i n-áit éicint eile. Bhí inghean ar leath-shúil aice agus inghean ar dhá shúil agus inghean ar trí shúil. Dubhairt inghean na leath-shúil, badh í ba sine, dubhairt sí go ngabhfaidh sí féin i n-éinfeacht le inghin an Rí i ndiaidh na daoine go bhfeiceadh sí cé raibh sí ag fághail beatha. An oidhche a raibh inghean na leas-mháthair le teacht lár na bárach ag faire uirthé dubhairt an chaora dhubh léithe go mbeadh faire uirthé lár na bhárach, go dtiocfadh inghean na leas-mháthair i néinfeacht léithe. "Níl le déanamh agat," adeir an chaora," ach port a casadh do chaon tsúil dá mbeadh aice agus teiteadh sí ina codladh agus fanfaidh sí ina codladh go dtí an tráthnóna," Maidin lá ar na bhárach tháinig inghean na leath-shúile i n-éinfeacht le inghean an Rí. Nuair a bhí sí dá crádhadh ag an ocras tharraing sí trumpa as a póca agus chas sí port agus chuir sí inghean na bainrioghan ina codladh. Chonaic sí an súil dá dúnadh agus shíl sí go raibh súil eile aice agus chas sí port eile agus chuir sí ina codladh go maith í. Chuaigh sí annsin chó fada leis an gcaora dhubh agus d'ith sí agus d'ól sí a sáith. D'fága sí inghean na bainrioghan ina codladh gur dhúsigh sí í ag dul abhaile tráthnóna. Nuair a tháinigadar abhaile d'fhiafruigh an bhainrioghan dá hinghin féin an bhfaca sí aon rud. "Deamhan blas," adeir an inghean, ach tá mo dhíol ocras

orm féin ag cur bréag ar dhaoine adeir sí, cé bhfuigheadh sí rud le n-ithe ag breathnú indiaidh caorach gcaitheamh an lae?" Níor amhduigh sí go raibh sí féin ina codladh chor ar bith. B'féidir nár airigh sí é. "Á!" adeir an inghean a raibh an dá shúil innte ní raibh aon rath ariamh ort nach ndéanfaidhe rud i ngan fhios duit," adeir sí. Gabhfaidh mise in-éinfeacht léithe i mbárach." D'imthigh sí in éinfeacht le inghin an Rí lá ar na bhárach agus chuadar indiaidh na gcaorach. Nuair a bhí inghean an Rí dá crádhadh leis an ocras tharraing sí an trumpa as a póca agus chas sí port agus nuair a bhí port casta aice dhún súil le inghean na bánrioghna, dhún an dara súil nuair a chas inghean an Rí an dara port. D'imthigh inghean an Rí annsin chó fada leis an gcaora dhuibh. Tharraing sí an cheirt as a cluais agus sgar sí ar an talamh í. Bhí an bord bídh ba bréaighchte a chonaic sí ariamh leaghta ar an gceirt róimpe d'ith sí agus d'ól sí a mór-dhóthain agus rinne sí an cleas tráthnóna agus bhí inghean na bainríoghna ina codla an t-achar sin. Nuair a bhí sí ag teacht abhaile annsin dhúsigh sí í. Tháinigadar abhaile. "An bhfaca tú aon nídh?" adeir an bhainrioghan le n-a highin féin.

"Go deimhin ní fhaca," adeir sí. "Ní bhfuair sí aon bhlas le n-ithe agus tá ocras orm-sa" "A! Ní raibh aon rath lib-se ariamh," adeir an inghean a raibh na trí shúil innte. Maidin lá ar na bhárach bhuail sí seo in éinfeacht le inghin an Rí i ndiaidh na gcaorach. Nuair a bhí an t-ocras ag crádhadh inghean an Rí tharraing sí an trumpa as a póca agus chas sí dhá phort sin ar chas sí nuair a chonaic sí an dá shúil a bhí i gclár a héadan dá ndúnadh. Shíl sí go raibh inghean na banríoghna ina codladh bhí an tríomhadh súil i gcúl a cinn agus ní raibh ingean an Rí dá feiceál. Chuaidh inghean an Rí chó fada leis an gcaora dhuibh agus tharraing sí an cheirt as a cluais agus sgar sí ar an talamh í go n-itheadh sí a dóthain. "Tá tú feicithe anois," adeir an chaora léithe, mar tá súil aice sin a gcúl a cinn, beidh cuisne orm-sa i mbárach" adeir an caora mar geall air seo. Leigfidh bean an Rí tinneas bréige uirthé féin agus déarfaidh sí nach bhfuighfidh sí biseach go bhfágaidh cuid de seo le nithe, ach ní bheidh mise acab. Nuair a gabhfas tú abhaile anocht bhí ag aireachas go ngabhaidh siad a chodladh. Nuair a bhéas siad ina gcodladh tiocfaidh tusa amach. Beidh mise taobh amuigh romhat agus ní stopfamuid go ngabhamuid achar fada as baile." Ghabh inghean an Rí agus inghean na banrioghan annsin abhaile agus nuair tháinigadar isteach dubhairt inghean na bainrioghna go raibh sí féin cailte leis an ocras, go raibh sí ina codladh i gcaitheamh an lae agus go raibh inghean an Rí ag ithe chuile shórt dá fheabhas de bhord a tháinig amach as bolg na caorach duibhe," chuir sí mise i mo chodladh le trumpa. Ach bhí súil agam nár chuir ina codladh agus bhí mise ag faire uirthé i gcaitheamh an ama," "Caithfidh an chaora thigheacht annseo i mbárach go marbhughthear domsa í caithfidh mé cuid dí sin fhágail le nithe," adeir an bhainrioghan. "Ní féidir sin," adeir an Rí, "níl caora dubh ar bith agam-sa , má bhí caora dubh ann caithfidh sé gur le duine eile í. "Rud ar bith a gcuirfidh mise dúil ann" adeir an bhanrioghan, caithfidh mé a fhágail agus beidh mé tinn go bhfágadh mé píosa de'n chaora dhuibh, agus marbhochaidh mise gan bhuidheachas í," adeir sí. Nuair a bhíodar ina gcodladh an oidhche sin d'imthigh inghean an Rí amach bhí an chaora dubh ina bean taobh amuigh de'n doras róimpe. "Teanam uait anois," adeir sí, "gluais leat," badh í a máthair í. D'aithin sí í d'imthigh sí féin agus an mháthair ag siubhal le chéile agus bhíodar ag siubhal go ndeachadar go dtí an Ghréig. Nuair a bhíodar i n-aice le cúirt Rí na Gréige chuireadar fúthab i dteach beag a bhí i n-aice leis an gcúirt. Bhíodh an mháthair ina caora sa lá agus ina bean san oidhche i néinfeacht leis an inghean. Bhíodh an inghean ag dul isteach i gcúirt an

Rí ag obair ann sa lá agus theigheadh sí sa teachín sin san oidhche i n-éinfeacht leis an máthair. Chaith sí bliain mar sin i dteach an Rí. Bhí an Rí sean agus an mac a bhí annsin ní raibh sé pósta. Chuir mac an Rí siamsa agus pléaraca trí oidhche ar bun go bhfeiceadh sé chuile dhuine. Séard a bhí sé a' ceapadh go mbeadh bean éicint ann a thaithneóchadh leis bhíodh an inghean sí seo ag dhul abhaile chuile oidhche agus dinnis sí dá máthair go raibh an siamsa le bheith i gcúirt an Rí. "Déanfaidh mise culaidh duit agus gabhfaidh tú féin amach leis an tslaitín-draoidheachta agus déanfaidh tú each caol dubh de chloch ghlas go dtéigídh tú go dtí teach an siamsa ag marcuidheacht air. Thug sí di an culaidh dubh éadaigh agus an t-slaitín draoidheachta go ndeachaidh sí amach agus gur bhuail sí buille den tslaitín ar chloch glas go ndearna sí each caol dubh dí. Chuaidh sí ag marcuidheacht ar an each caol dubh agus chuaidh sí go dtí an siamsa. Nuair a chonaic mac an Rí í thaithnigh sí leis thar cionn. Bhí sí ag iarraidh teacht go dtí í go leagadh sé lámh uirthé. Nuair a bhí sé i ngar de ah dhul chun cainnte léithe níor fhan sí ní b'fhuide. D'éalaigh sí amach agus d'imthigh sí ag marcuidheacht ar an each caol dubh agus ní fhaca sé ní ba mhó an oidhche sin í. Ní raibh fios aige cé as a dtáinig sí. Nuair a gabh sí chun na cúirte ag obair lár na bhárach bhí an cailín ag innseacht dí faoin siamsa agus an bhean bhreagh a bhí ann a raibh mac an Rí in grádh léithe. "Ó nach orm a bhí an mí-ádh," adeir sí "nach ndeachaidh mé ann ach b'féidir go ngabhfaidh mé anocht ann." Nuair a tháinig sí abhaile an oidhche sin bhí culaith eile déanta ag an máthair dí, culaith dhonn. Thug sí dí an slaitín draoidheachta agus chuaidh sí amach gur bhuail sí an chloch ghlas den t-slaitín go ndearna símeach caol donn de'n chloch nach mbéarfadh an ghaoth a bhí ina dhiadh orthabh ach go mbéarfadh siad féin ar an ngaoth a bheadh rómpa. Nuair a tháinig sí isteach i dteach an t-siamsa chonaic mac an Rí í agus bhí sé ag druidim léithe. Ní raibh fhios aige gurbh í bhean chéadna í a bhí ann an oidhche roimhe sin. Malrait mná a bhí innte nuair a bhí an culaith donn uirthé bhí sí có bréagh sin. Nuair a shíl sé dhul chun cainnte léithe níor fhan sí leis ach d'éalaigh sí amach agus chuaidh sí ag marcuidheacht ar an gcapall go dtáinig sí abhaile. Ní raibh fhios ag mac an Rí cé ndeachaidh sí. Lár na bhárach gabh sí chó fada leis an gcúirt agus bhí na cailíní ag innseacht dí faoin siamsa agus faoi'n mbean bhréagh a bhí ann agus go raibh mac an Rí i ngrádh léithe. Níorbh í an bhean í a bhí ann athrú aréir ach ba bhreaghichte ná í sin í, "Gabhfaidh mé siúrálta anocht ann," adeir sí. Nuair a gabh sí abhaile an oidhche sin bhí culaith geal déanta ag an mháthair dí. Thug sí an culaith geal agus an tslaitín draoidheachta. Chuir sí uirthé an culaith geal agus nuair a bhí an chulaidh gheal uirthé níor fhás sí ariamh bean a bhí chó breagh léithe. Gabh sí amach agus bhuail sí an chloch glas de'n t-slaitín draoidheachta agus rinne sí each caol bán de'n chloch glas nach mbéarfadh an ghaoth a bhí ina diaidh uirthé ach go mbéarfadh sise ar an ngaoth a bhí róimphe. (Capall buineann sin each). Chuaigh sí ag marcuidheacht ar an each caol bán agus d'imthigh sí go dtí an teach siamsa agus a' t-each bán aice agus an chulaith bhán. Nuair a tháinig sí isteach agus chonaic mac an Rí í pé bí grádh a thug sé de'n bhean a chonaic sé an chéad oidhche bhí a sheacht n-oiread aige dí an tríomhadh oidhche agus bhí sé ag druidim léithe i muinghin a chroidhe is a anma. Nuair a bhí sé chó fada léithe d'imthigh sí. Chuaidh sí de léim ar an gcapall. Tháinig seisean agus sgiob sé an bhróg dí nuair a bhí sí ag imtheacht. Ní raibh sé indon aon bhlas eile a dhéanamh. Tháinig sí abhaile agus bhain sí dé an chulaith éadaigh dubhairt an mháthair léithe é a leagan do leath-taobh, gur ghearr arís go mbeadh sí dá hiarraidh. Leag sí do leath-

taobh í. Nuair a tháinig sí isteach sa gcúirt lár n-a bhárach bhí an-sgéal nuaidhe ag na cailíní dí. “Bhí bean thar cionn le bréaghacht arís ann,” adeir siad, “bhain mac an Ríogh an bhróg dí nuair a bhí sí ag imtheacht agus mara bhfágaidh sé bean a bhfeilfidh an bhróg dí gheobhfaidh sé bás.” Nuair a bhí sí ag dul ar fud an tighe tháinig sgéal anuas go raibh cailíní ag teacht a bhfad agus i ngearr féachaint a bhfeilfeadh an bhróg dóibh. Bhí gairm sgoile curtha amach ag mac an Rí. Chuir na cailíní sgéal chuige go raibh cailín sa gcúirt nár féachadh an bhróg fós léithe. Tháinig mac an Rí go dtí í leis an mbróig agus d’feil an bhróg dí gan iomarca gan easbaidh . Dubhairt sé léithe go gcaitfeadh sí é féin phósadh dubhairt sí go mbeadh inghean Rí Eirinn í féin. “Pé bí caoi a raibh mé cheana,” adeir mac an Rí, tá mé níos sásta anois,” adeir sé. Chuaidh sí abhaile annsin go dtí an teach a raibh an mháthair. Bhí páipéirín leagtha ar an gculaith bhán agus bhí sgríbhneoireacht air a rádh nach bhfeicfeadh sí an mháthair ní ba mhó chuir sí uirthé an chulaith arís agus tháinig sí ag marcuidheacht ar an each chaol bán, tháinig sí ar ais go dtí an chúirt agus phós sí féin, inghean Rí Eirinn agus mac an Rí na Gréige.